# Duilleog

Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 5 Geimhreadh 2008

## Comórtas Scór na nÓg

**an**

**Chumainn Lúthchleas Gael 2008**

Beidh scaifte mór de na daoine óga atá ag freastal ar na ranganna ceoil sa Chrannóg ag glacadh páirt sna comórtaisí seo Dé Domhnaigh 16 Samhain i Halla Ghleann Fhinne. Is do dhaoine óga faoi 17bl atá Scór na nÓg.

Bíonn go leor do na daoine óga seo ag freastal ar imeachtaí spóirt Bhord na nÓg CLG Ghaoth Dobhair agus beidh siad ag déanamh ionadaíocht don Chumann í sé cinn de na comórtaisí seo Dé Domhnaigh.

Guímid ádh mór orthu.



Comhgháirdeas le Dominic Mac Giolla Bhríde Stiúrthóir Chór Thaobh 'Leithéid a bhain comórtas na bhfear ag Oireachtas 2008 i gCorcaigh. Bulaidh fir a Dhoiminic. Peadar Ó Riada ag bronnadh Corn na bhfear ar Dhoiminic



Comhgháirdeas le Brídín Ní Mhaoldomhnaigh a fuair an chead áit sa chomórtas Dreas Cainte faoi 18 bl. ag Oireachtas na Samhna i gCorcaigh

## Spreagadh Pobail agus An Baile Beo. faoi choimirce Údarás na Gaeltachta 2008

Rinneadh moltóireacht ar Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Dé Máirt 4 Samhain sa Chrannóg.

Torthaí le fógairt níos moille.

An grúpa ceoil An Crann Óg



## Gradaim Pobail na Gaeltachta faoi choimirce Údarás na Gaeltachta 2008.

Moltóireacht ar Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair in Ard oifig Údarás sna Forbacha Déardaoin 6 Samhain. Oíche bhronnta na nGradaim Dé Domhnaigh 30 Samhain in Óstán an Radisson, Gaillimh. Ádh mór ar an Chomharchumann sa chomórtas

# Féile Chnoc Fola 2008



Rinne Tomás Mac Giolla Bhríghde Féile Traidisiúnta Chnoc Fola a oscailt go h-oifigiúil ar an chead lá de mhí Lúnasa 2008 ag a 8.00 i.n. De bharr go raibh an tráthnóna iontach fliuch, bhí ar an slua mór a bhí i láthair bogadh isteach i dTí Mhuiris. Chuir grúpa déagóirí champaí samhraidh na Crannóige ceol agus siamsaíocht ar an ardán tar éis an oscailt oifigiúil. Bhí grúpa as an Ghearmáin i láthar agus cheol triúir acu cúpla amhráin ina dteanga féin. Bhí daoine as na Stáit Aontaithe, Albain agus an Tuaisceart i láthar i measc mhuintir na h-áite.

Dé Sathairn bhí taispeántas lomadh caorach, déanamh an ime, saol na farraige, déanamh cléibh, súisteáil agus ceardaíocht traidisiúnta eile ar siúl i rith an tráthnóna. Bhí bia farraige ar fáil i rith an tráthnóna agus imeachtaí do phaistí. Bhí TG4 i láthar don chlár Féilte agus an Nuacht. Bhain an slua sult mór as an lá.

Bhí Aifreann na Féile le bheith i lag na h-Altóra maidin Dé Domhnaigh ach de bharr é a bheith go fliuch, bhí orainn na t-Aifreann a bheith i dTeach Mhuiris.

Bhí turas go barr Chnoc Fola leagtha amach don iarnóin agus rinne slua beag an turas cé go raibh an lá go h-olc. Chuaigh an comórtas Iascaireachta Mara ar aghaidh amach ó ghob Chnoc Fola agus ghlac slua mór iascairí páirt ann. Bhí Céilí Mór na Féile i dTí Jack oíche Dé Domhnaigh.

Bhí an aimsir go maith arís Dé Luain do lá peile agus spóirt do dhaoine óga i bPáirc Mhic Eitéagáin i nGlaisachú agus bhí spórt agus iomaíocht mhaith ann.

Bhí an coiste iontach sásta leis an Fhéile i mbliana.

Tá teach Dónal Pháidí a chéannacht faoi láthair rud a chinnteos forbairt ar an tsuíomh agus ar an Fhéile sna blianta atá romhainn.

---



Fuair Séamus de Napier a bhí ina bhall de Choiste Comhairleach na Crannóige, (thar cheann Iontaobhas Ultach) bás i mBéal Feirste ar Lá Samhna. Ba mhaith leis an Chomharchumann comhbhrón ó chroí a dhéanamh lena bhean chéile Áine agus a teaghlach Séamus, Stiofhán, Róísmhuire agus Clíodhna, a mhuintir agus a chairde uilig.

Go ndéanaí Dia a mhaith ar a anam uasal.

# Teastas Eorpach na Gaeilge 2008 - 2009

**Tá na Cúrsaí Gaeilge seo do Ghlantosaitheoirí agus do Thosaitheoirí ar siúl ag an Chomharchumann sa Chrannóg i Srath na Corcra. Tá dhá rang ar siúl ag leibhéal A1—A2**

**An Chrannóg, Na Doirí Beaga**


**Fón: (074) 9532208 Ríomhphost: cfgd@eircom.net**

Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Teo.

Teastas Eorpach na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta

Gaeilge 2010 An Ghaeltacht Bheo




## Ranganna sa Chrannóg

**Dé Luain**

| | |
|---|---|
| Fideal | 5.30 – 6.30 |
| Giotár | 6.30 – 7.30 |

**Dé Céadaoin**

| | |
|---|---|
| Bosca Ceoil | 5.30 – 6.30 |
| Maindilín | 5.30 – 6.30 |
| Fliúit | 6.30 – 7.30 |
| Consairtín | 6.30 – 7.30 |
| Ealaíon | 8.00 – 10.00 |
| Rang Gaeilge | 7.00 - 8.30 |

**Déardaoin**

| | |
|---|---|
| Fídeoga & Amhránaíocht | 5.00 – 6.00 |
| Céilí | 8.00 – 10.00 |

# Seirbhísí ar fáil sa Chrannóg

## Caomhán Ó Scolaí

**Seirbhís Dearaidh agus Clóchuradóireachta**

caomhanoscolai@gmail.com

**087-2734035**

Tá Caomhán Ó Scolaí i mbun gnó dearthóireachta atá ag soláthar seirbhís réamhchlódóireachta d'fhoilsitheoirí agus don earnál fógraíochta. I measc na seirbhísí atá ar fáil tá:

- dearadh agus clóchur ar leabhair, irisí agus tuarascálacha
- dearadh ar lógónna agus ar íomhánna corpráideacha
- dearadh ar phóstaeir agus ar ábhar fógraíochta
- dearadh ar phacáistiú CD agus DVD

Baintear leas as an dteicneolaíocht is déanaí le seirbhís iomlán réamhchlódóireachta a chur ar fáil.

Tá aitheantas náisiúnta bainte amach ag obair dearaidh Chaomháin agus is é a rinne an dearadh agus clóchur ar an leabhar An Cléireach a bhain Gradam Uí Shúilleabháin don leabhar is fearr ag Oireachtas na bliana seo.

## Ríonach Ní Scolaí,

### Ógras

Is óg-eagraíocht náisiúnta í Ógras atá ag cuir seirbhísí óige ar fáil trí mheán na Gaeilge ó 1969. Tá clubanna Ógras (12-19 bl. d'aois) agus Óg-Ógras (8-12) ag feidhmiú ar fud na tíre: ó Chorcaigh go Béal Feirste agus ó Bhaile Átha Cliath go hInis Óirr.

Tríd Ógras tugtar deis do na baill óga bualadh lena chéile ag imeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta. Thaisteal grúpaí ó Ghaoth Dobhair agus ó Co. Dhoire go dtí an tOireachtas i gCorcaigh ar na mallaibh le páirt a ghlacadh i Scléip na hÓige agus tá na baill óga ag freastal ar thurasanna Óg-Ógras ar fud na tíre. Faoi láthair tá na clubanna gnóthach ag ullmhú do Chomórtas Ealaín Ógras, beidh obair ealaíne, filíocht, grianghrafanna agus seónna ardáin sa chomórtas agus bronnfar duaiseanna ar bhaill agus ar chlubanna roimh na Nollag.

Cuireann Ógras cúrsaí traenála agus ceardlanna ar fáil do bhaill agus do cheannairí na gclubanna agus bíonn malartú idirnáisiúnta ar siúl achan bhliain; an Samhradh seo bhí muid in Krakow na Polainne agus ní fios go fóill cá háit a mbeidh muid an bhliain seo chugainn!

Má tá spéis agat bheith linn is féidir eolas a fháil ó Ríonach Ní Scolaí, Oifigeach Forbartha Uladh, An Chrannóg, Na Doirí Beaga. (074 9560436) nó ag www.ogras.ie

## Fiontair ag gníomhú ins an ionad

- Lá
- Ceimiceoir Uí Dhónaill
- Ógras
- An Siopa Frámála
- An Naíonra
- Cúl a Tigh
- PC Logix
- Carolyn Norgate
- Scoil Cheoil Frankie Kennedy
- Oifig Pleanáil Teanga
- Grúpa Máithreacha & Tachráin
- Seirbhís Comhairleoireachta Mhic Giolla Bhríde
- Oifig an Scéim Sóisialta Tuaithe
- Oifig an Scéim Forbartha Pobail
- Peadar Ó Colúm, Meastóir Suíomh Tógála
- Oifig Óige na Gaeltachta
- Scannáin Lugh
- Comharchumann na nOileán Beag

## Lá Santa

Beidh Santa anseo sa Chrannóg ar an 13ú Nollaig. Fáilte roimh gach duine. Fáltais an lae ag dul chun sochar do chiste Nóirín Nic Gairbheith agus Pobal ar Aire

Comhghairdeas le Brídín Ní Mhaoldomhnaigh agus le Simon Mac Giolla Easboig a toghadh mar bhaill de Phairlaimint na nÓg Chomhairle Chontae Dhún na nGall le gairid.